

Gnéithe an tSnáithe Aontaithe

Sníonn an snáithe seo trí na Snáitheanna Comhthéacsúla i Matamaitic na Sraithe Sóisearaí. Tá sé ghné ann.

Bloic Thógála

Ba cheart don scoláire na coincheapa atá mar bhonn agus taca ag gach snáithe a thuiscint agus a thabhairt chun cuimhne, agus ba chóir go mbeadh sé in ann na gnásanna a eas-craíonn as sin a chur i gcrích go cruinn, go héifeachtach, agus go cuí. U1, U2, U3.

Naisc

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire naisc a dhéanamh laistigh de shnáitheanna agus idir snáitheanna, chomh maith le naisc a dhéanamh idir an mhatamaitic agus an fíorshaol. U5, U6.

Léiriú

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire cás matamaiticiúil a léiriú ar bhealaí éagsúla agus aistriú eatarthu go solúbtha. U4.

Cumarsáid

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire an mhatamaitic a chur in iúl go héifeachtach i bhfocail agus i scríbhinn. U13.

Ginearálú agus Cruthúnas

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire aistriú ó chásanna sonracha go ráitis mhatamaiticiúla ghinearálta, agus argóintí agus cruthúnais mhatamaiticiúla a chur i láthair agus a mheas. U11, U12.

Réiteach Fadhbanna

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire imscrúdú a dhéanamh ar phatrúin, tuairimí a chumadh, agus dul i mbun tascanna nach mbíonn réiteach soiléir orthu a chéadair, i gcomhthéacsanna aithnidiúla agus i gcomhthéacsanna neamhaithnidiúla araon. U7, U8, U9, U10.

Is féidir teacht ar an bhfoghlaim a bhaineann leis an Snáithe Aontaitheach A1 – A13 i Sonraíocht Matamaitice na Sraithe Sóisearaí, leathanach 14, atá le fáil ar

https://www.jct.ie/leangangaeilge/maths/key_documents_ga